Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

30 Meán Fómhair 2008

A chomhghleacaí, a chara,

SOCRUITHE CURACLAIM, MEASÚNACHTA AGUS TUAIRISCITHE

Tá muid ag scríobh chugat faoi na socruithe do bhainistíocht an chláir do chur i ngníomh an churaclaim athbhreithnithe agus faoin dóigh a bhfuil muid ag tabhairt faoi na socruithe cigireachta a bhaineann leo. Aithníonn muid go hiomlán an obair mhór atá á déanamh i scoileanna chun an curaclam athbhreithnithe a leabú. D'fhorbair muid an curaclam sin i gcomhar le múinteoirí, agus tá tiomantas múinteoirí don chur chuige an soiléir. Ba mhaith linn ár mbuíochas a dhul libh as an obair uilig atá sibh ag glacadh chun tosaigh.

Buncheist a tógadh ná go bhfuil gá le cumarsáid shoiléir ón Roinn agus na heagraíochtaí eile atá páirteach sa ghné seo faoi cad é atá in ionchas ó mhúinteoirí. Leis an litir seo tá sé beartaithe againn cinntiú go gcoinneofar príomhoidí scoile agus a bhfoireann ar an eolas go díreach faoi na forbairtí is déanaí. Comhlánaíonn sé an mhionbhileog eile atá á cur amach chuig tuistí agus na sonraithe faoi na socruithe curaclaim, measúnachta agus tuairiscithe don scoilbhliain 2008/09, atá sa chiorclán is déanaí ón Roinn.

Léirigh an tAire Oideachais, Caitríona Ruane, go soiléir, i leas ár n-aos óg uile, go gcaithfidh muid móiminteam chur i ngníomh an chuarclaim a choinneáil a dhul. Mar sin de tá an clár ama don rolladh amach mar a cuireadh in iúl cheana – ón téarma seo bainfidh cur i ngníomh reachtúil an churaclam athbhreithnithe le Blianta 1,2,5 agus 6 i mbunscoileanna agus le Blianta 8,9,11 agus 12 in iar-bhunscoileanna.

Beidh traenáil agus tacaíocht go fóill ar fáil do scoileanna mar chuid den chlár spriocdhírithe de thraenáil ar an churaclam athbhreithnithe, le chéile leis na hamscálaí chur i gníomh reachtúil do phríomhoidí agus mhúinteoirí, agus ag tógáil ar an aischothú a thug tú. Beidh tacaíocht ar fáil fosta ó Churaclam Comhairleach BOL agus ó Oifigigh Tacaíochta agus iad i mbun a ngnáth-dhualgas. Cuirfear na laethanta 5 + 5 fhorbairt

phroifisiúnta ar fáil go fóill do na scoilbhlianta 2008/09 agus 2009/10 chun tacú le príomhoidí i stiúradh an chur i gníomh laistigh dá scoil.

Thar an tréimhse chur i ngníomh, agus comhsheasmhach le cothabháil ardchaighdeán san fhoghlaim agus sa teagasc, díreoidh cur chuige na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna (COO) ar aithint dea-chleachtais i scoileanna. Spreagfaidh cigirí múinteoirí agus tabharfaidh siad tuairisc ar chleachtas maith nó fíormhaith i dtaca le cur i ngníomh an churaclaim athbhreithnithe. Ar na dóigheanna seo oibreoidh COO chun tacú le scoileanna agus chun aird chleactas éifeachtach a dhíriú ar spriocghrúpa níos leithne. Thar an tréimhse chéanna, déanfaidh COO monatóireacht agus tabharfaidh siad tuairisc ar an chaighdeán tacaíochta atá tugtha do scoileanna agus iad ag iarraidh an cuarcalm athbhreithnithe a chur i ngníomh go rathúil.

Ní chiallaíonn sé seo nach ndéanann scoileanna gníomhú ar bith nó beagán gníomhaithe. Aithníonn an Roinn agus COO go mbeidh am de dhíth ar mhúinteoirí a gcleachtas ranga a phleanáil agus a leasú de réir mar is gá chun an curaclam athbhreithnithe a chur i ngníomh. Is é ár gcomhfhócas le linn an am seo ná tacú le príomhoidí / múinteoirí, agus a chinntiú go bhfaighfidh gach páiste an t-oideachas is fearr, agus go mbainfidh siad caighdeáin amach de réir a gcumais.

Mar a léirítear sa tábla thíos, beidh an curaclam athbhreithnithe in áit thar Bhlianta 1-12 faoi Mheán Fómhair 2010. Áfach, aithníonn muid go nglacfaidh sé níos mó ama le dul chun cinn i bpleanáil agus i gcleachtas ranga a leabú go hiomlán. Mar sin de creideann muid gur cóir go léiríonn socruithe cigireachta seo go dtí Meitheamh 2012 nuair ba chóir go mbeadh, i ngnáthchuinsí, ar a laghad trí bliana de thaithí ina chur i ngníomh ag múinteoirí atá ann cheana. Tá muid ag dúil, mar sin de, le cur i ngníomh iomlán den churaclam athbhreithnithe a fheiceáil, mar aon lena socruithe gaolmhara measúnachta agus tuairiscithe faoi Mheitheamh 2012. Déanfaidh COO luacháil go fóill ar an chlár tacaíochta do phríomhoidí agus mhúinteoirí agus tabharfaidh an t-aischothú seo eolas ar fhorbairt leanúnach an chláir.

Céimeanna Chur i nGníomh:

Bliainghrúpaí	Bl 1, 5, 8 agus 11	Bl 2, 6, 9 agus 12	Bl 3, 4, 7 agus 10
Tosaíonn cur i ngníomh reachtúil	Meán Fómhair 2007	Meán Fómhair 2008	Meán Fómhair 2009
Téann cuir chuige cigireachta trí go	Meitheamh 2010	Meitheamh 2011	Meitheamh 2012

Aithníonn an tAire, an Roinn agus COO na dúshláin atá roimh scoileanna agus tabharfaidh siad tacaíocht go fóill do phríomhoidí agus mhúinteoirí i gcur i ngníomh an churalaim athbhreithnithe agus socruithe measúnachta agus tuairiscithe a théann leis.

Tá moltaí ag an Aire faoin dóigh ar chóir do pháistí aistriú ó bhunscoileanna go hiarbhunscoileanna ó 2009/10 ar aghaidh. Tá seo ina thosaíocht don Aire agus gheobhaidh tú tuilleadh eolais faoi seo in am d'aistriú 2010. Áfach, tig linn bheith soiléir nach mbeidh InCAS nó an tuairisc bhliantúil do thuistí (proifíl dalta) ina n-uirlisí malartacha do roghnú. Tá an tAire soiléir fosta nár mhaith léi go gcuirfidh socruithe ar bith aistrithe isteach go diúltach ar an churaclam athbhreithnithe agus nach mbeidh múinteoir ar bith ag teagasc le haghaidh scrúdaithe. Beidh gach scoil ag dul don churaclam athbhreithnithe agus do na socruithe gaolmhara measúnachta agus tuairiscithe.

I dtaca le tuilleadh cumarsáide, beidh an Roinn ag eisiúint bileoige do thuistí ag tabhairt eolais faoin churaclam, mheasúnacht agus tuairisciú. Ar an bharr seo, bíonn eolas i gcónaí ar fáil tríd suíomh gréasáin na Roinne ag: www.deni.gov.uk agus trí shuíomh gréasáin an churaclaim athbhreithnithe: www.nicurriculum.org.uk.

In am trátha, cuirfidh An Bord Bainistíochta Comhpháirtíochta Féilire Mór Traenála trí shuíomh gréasáin an churaclaim athbhreithnithe, a leagfaidh amach ócaidí traenála trasna réimse comhpháirtithe oideachais chun cuidiú le príomhoidí agus múinteoirí ina bpleanáil.

Sa deireadh, arís tá muid iontach buíoch den obair mhaith atá leanúnach i scoileanna agus muid ag bogadh tríd an chur i ngníomh. Tá páirt againn uile i soláthar an churaclaim athbhreithne agus na socruithe gaolmhara measúnachta agus tuairiscithe de thairbhe na bpáistí agus an aois óig inár ranganna. Guíonn muid gach rath ort ag tús na scoilbhliana úire agus sibh ag déanamh réidh le páirt a ghlacadh, linn, i dtógáil caighdeán inár scoileanna.

Is mise le meas

Robson Davison
Leas-Rúnaí
Grúpa Pholasaí Scoileanna agus Óige

Stanley Goudie
Príomh-Chigire